RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1423 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Bealtaine 2021

lena leagtar síos na socruithe mionsonraithe faoi Threoir (AE) 2021/555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faisnéis a mhalartú go córasach, trí mheán leictreonach, i ndáil le diúltuithe údaruithe a dheonú chun airm thine áirithe a fháil nó a shealbhú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2021/555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 maidir le fáil agus seilbh arm a rialú ([1]), agus go háirithe an dara fomhír d'Airteagal 18(5), di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagail 9 agus 10 de Threoir (AE) 2021/555 déantar foráil maidir le deonú údaruithe chun airm thine a fháil nó a shealbhú a aicmítear i gcatagóir A nó i gcatagóir B, lena n-áirítear údarú a dheonú trí cheann atá ann cheana a dheimhniú, a athnuachan nó a fhadú. Ina theannta sin, le Caibidil 2 den Treoir sin déantar foráil maidir leis na húdaruithe sin a athbhreithniú go tráthrialta agus a tharraingt siar.

(2) Le hAirteagal 18(4) de Threoir (AE) 2021/555 ceanglaítear ar údaráis inniúla na mBallstát faisnéis a mhalartú maidir le diúltuithe údaruithe a dheonú ar fhorais slándála nó ar chúis a bhaineann le hiontaofacht an duine lena mbaineann, diúltuithe dá bhforáiltear in Airteagail 9 agus 10 den Treoir sin. Ós rud é nach sainmhínítear i dTreoir (AE) 2021/555 na coincheapa "forais slándála nó forais a bhaineann le hiontaofacht an duine lena mbaineann", ba cheart do na Ballstáit cuspóirí Threoir (AE) 2021/555, agus go háirithe cuspóirí Airteagal 6(1)(b), a chur san áireamh agus na coincheapa sin á léirmhíniú acu.

(3) An oibleagáid atá ann faoi Airteagal 18(4) de Threoir (AE) 2021/555 i ndáil le diúltuithe údaruithe a dheonú, tuigtear go gcumhdaítear leis an oibleagáid sin aon chinneadh riaracháin nó breithiúnach a dhéanann údarás poiblí de chuid Ballstáit arb é is cuspóir nó is éifeacht dó a chosc ar dhuine arm tine a fháil nó a shealbhú a thagann faoi raon feidhme Airteagal 9 nó 10 den Treoir sin, cibé acu is tar éis iarraidh ar údarú a dhéantar an cinneadh sin nó nach ea, is le hairm thine shonracha a bhaineann sé nó nach ea, agus is de bhun cumhachtaí a eascraíonn as an Treoir sin go sonrach a dhéantar é nó nach ea. Mar shampla, cumhdaítear leis an oibleagáid bratchosc ar dhuine ar leith airm thine a fháil nó a shealbhú, is cuma cé acu a rinne an duine sin iarraidh ar údarú roimhe sin nó nach ndearna. Cumhdaítear léi freisin aon chinneadh riaracháin nó breithiúnach lena ndéantar údarú atá ann cheana a tharraingt siar, nó lena ndiúltaítear údarú atá ann cheana a dheimhniú, a athnuachan nó a fhadú. Le hAirteagal 18(4) de Threoir (AE) 2021/555 ceanglaítear ar údaráis inniúla faisnéis a mhalartú maidir leis na cineálacha éagsúla cinnidh sin ar fad, ar choinníoll gur ar fhorais slándála a rinneadh an cinneadh, nó go mbaineann sé le hiontaofacht an duine.

(4) Le hAirteagal 18(5) de Threoir (AE) 2021/555 ceanglaítear ar an gCoimisiún foráil a dhéanamh maidir le córas chun aon fhaisnéis a luaitear san Airteagal sin a mhalartú. Dá bhrí sin, bheadh córas i gceist chun an fhaisnéis a luaitear i mír 4 den Airteagal sin i ndáil le diúltuithe údaruithe a dheonú, chun an fhaisnéis sin a mhalartú.

([1]) IO L 115, 6.4.2021, lgh. 1-25.

(5) Na forálacha comhair riaracháin in Airteagal 18 de Threoir (AE) 2021/555, forálacha a bhaineann le haistriú arm tine ó Bhallstát amháin go Ballstát eile, tá siad faoi réir tionscadal píolótach faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh, rud a bunaíodh leis an Rialachán sin, b'fhéidir é a úsáid mar uirlis éifeachtach freisin i gcur chun feidhme na forála comhair riaracháin a leagtar amach in Airteagal 18(4) de Threoir (AE) 2021/555 i ndáil le diúltuithe údaruithe a dheonú. Dá réir sin, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1427 ón gCoimisiún ([3]) cuirtear an fhoráil sin faoi réir tionscadal píolóltach faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012. Chun sonraí pearsanta daoine aonair agus a gceart chun príobháideachais a chosaint, sonraítear leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin gurb é a sheiceáil an gcuimsítear sonraí a bhaineann le daoine aonair ar leith i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh, gurb é sin a fhéadfaidh na húdaráis náisiúnta a dhéanamh tríd an gcóras sin a úsáid, ní cuardach a dhéanamh de réir tagairt do chritéir níos ginearálta. Ina theannta sin tá coimircí sonracha i Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 lena rialaítear rochtain ar shonraí pearsanta agus próiseáil sonraí pearsanta i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh, mar shampla na rialacha faoi Airteagal 9(4) lena gceadaítear rochtain ar bhonn riachtanais amháin. Dá bhrí sin, is iomchuí a shainaithint gurb é Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh an córas atá le húsáid ag údaráis inniúla na mBallstát chun faisnéis a mhalartú a bhaineann le diúltuithe údaruithe a dheonú, agus is iomchuí na socruithe mionsonraithe maidir leis an malartú sin a leagan síos.

(6) Ionas nach mbeidh ualach riaracháin díréireach ar na Ballstáit, na socruithe mionsonraithe a leagtar síos leis an Rialachán seo i ndáil le faisnéis a mhalartú trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh, níor cheart feidhm a bheith acu ach maidir le cinntí diúltaithe a dhéanann údaráis náisiúnta riaracháin nó bhreithiúnacha ar dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo nó ina dhiaidh.

(7) Chun cearta cosanta sonraí na ndaoine aonair lena mbaineann a urramú, an fhaisnéis atá údarás inniúil le cur isteach i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh, níor cheart a bheith inti ach a laghad is gá ionas go mbeidh údaráis inniúla Ballstát eile in ann a fhíorú an bhfuil duine ar leith faoi réir cinneadh diúltaithe a rinneadh ar fhorais slándála nó a bhaineann lena iontaofacht, nó an raibh sé faoi réir cinneadh dá leithéid roimhe seo. Dá bhrí sin, níor cheart a chuimsiú san fhaisnéis sin ach sonraí pearsanta amhail an t-ainm atá ar dhuine, a áit bhreithe agus a thír bhreithe, agus a náisiúntacht.

(8) Ar an gcaoi chéanna, chun sonraí pearsanta daoine aonair agus a gceart chun príobháideachais a chosaint, níor cheart faisnéis faoi na cúiseanna sonracha a ndearnadh cinneadh diúltaithe a thaifeadadh i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh. Go háirithe, níor cheart faisnéis maidir le taifead coiriúil duine ná lena stádas leighis nó síceolaíochta a thaifeadadh i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh. I gcás ina mbeadh tuilleadh faisnéise de dhíth ar údarás inniúil i mBallstát amháin faoi na cúiseanna atá le cinneadh diúltaithe a rinneadh i mBallstát eile, bheadh an t-údarás inniúil sin in ann teagmháil a dhéanamh leis an údarás ábhartha sa Bhallstát eile lasmuigh de Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh trí mhodh iomchuí cumarsáide a úsáid agus i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha maidir le cosaint sonraí. Chuige sin, agus na Ballstáit ag taifeadadh cinneadh diúltaithe i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh, ba cheart dóibh ainm agus sonraí teagmhála an údaráis riaracháin nó bhreithiúnaigh a rinne an cinneadh diúltaithe a chur in iúl, sin agus ainm agus sonraí teagmhála an údaráis lenar féidir le húdaráis inniúla Ballstát eile dul i dteagmháil agus iad ag lorg tuilleadh faisnéise faoin gcinneadh diúltaithe, i gcás nach ionann an t-údarás sin agus an ceann a rinne an cinneadh.

(9) Ba cheart diúltuithe a thaifeadadh i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh fiú dá bhféadfaí iad a bheith faoi réir achomharc riaracháin nó achomharc breithiúnach. Má chuirtear cinneadh diúltaithe ar neamhní nó má mheastar ar shlí eile go bhfuil sé neamhbhailí tar éis faisnéis a bhaineann leis a iontráil i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh, ba cheart a cheangal ar an údarás lena mbaineann an iontráil maidir leis an diúltú sin a bhaint tráth nach déanaí ná 30 lá féilire tar éis an diúltú a chur ar neamhní nó a fháil amach go bhfuil sé neamhbhailí.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún (IO L 316, 14.11.2012, lch. 1).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1427 ón gCoimisiún an 21 Bealtaine 2021 maidir le tionscadal píolótach chun na forálacha maidir le comhar riaracháin a chur chun feidhme trí bhíthin Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh, forálacha a bhaineann le cinntí diúltaithe i leith údaruithe a dheonú agus a leagtar amach i dTreoir (AE) 2021/555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Féach leathanach 20 den Iris Oifigiúil seo).

(10) Chun a áirithiú go leanfaidh an fhaisnéis atá i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh de bheith cruinn agus iomlán, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit a gcuid iontrálacha a thabhairt cothrom le dáta aon uair a dhéantar athrú ábhartha. Mar shampla, dá ndéanfaí toirmeasc 5 bliana a laghdú ina dhiaidh sin agus toirmeasc 3 bliana a dhéanamh de, bheadh ar an mBallstát an iontráil a thabhairt cothrom le dáta chun dáta deiridh nua an toirmisc a thaifeadadh. I gcás toirmisc a mhairfeadh níos mó ná 10 mbliana, lena n-áirítear toirmisc éiginnte, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit freisin athbhreithniú a dhéanamh ar an iontráil uair amháin gach 10 mbliana ar a laghad agus a dheimhniú go bhfuil sí fós bailí (nó í a thabhairt cothrom le dáta dá réir).

(11) An tréimhse ama a bheidh rochtain ag na Ballstáit ar fhaisnéis maidir le diúltú ar leith i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh, is gá an tréimhse sin a chinneadh. Leis an tréimhse sin ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá ann leis an gcóras malartaithe faisnéise a dhéanamh chomh héifeachtach úsáideach agus is féidir do na Ballstáit, agus an gá atá ann le sonraí pearsanta daoine aonair agus a gceart chun príobháideachais a chosaint. Is féidir gurb éard a bheadh i ndiúltú cinneadh simplí aonuaire lena ndiúltaítear iarraidh ar údarú, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé de chead ag an iarratasóir iarraidh ar údarú a dhéanamh arís aon uair feasta, nó is féidir gurb éard a bheadh ann cinneadh a mbeadh éifeacht leanúnach aige, amhail cinneadh diúltaithe arb í an éifeacht atá aige, go díreach nó go hindíreach, urchosc a chur ar an iarratasóir iarraidh ar údarú a dhéanamh arís go ceann tréimhse ama, nó cinneadh lena gcuirtear urchosc ar dhuine airm thine a bheith ina sheilbh aige go ceann tréimhse shocraithe nó éiginnte. Agus aird á tabhairt ar na cleachtais reatha sna Ballstáit maidir leis na cineálacha éagsúla diúltaithe is féidir a bheith ann, is iomchuí foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le faisnéis i ndáil le cinneadh diúltaithe a bheith inrochtana i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh go ceann tréimhse 10 mbliana tar éis an cinneadh diúltaithe a dhéanamh i gcás cinntí simplí aonuaire, nó go ceann tréimhse 10 mbliana tar éis deireadh a theacht le héifeacht an chinnidh diúltaithe i gcás cinntí a bhfuil éifeacht leanúnach acu.

(12) Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán seo laistigh de 2 bhliain tar éis a theacht i bhfeidhm chun saincheisteanna cur chun feidhme a d'fhéadfadh na Ballstáit a tharraingt anuas a chur san áireamh.

(13) Ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar ionas go mbeidh a ndóthain ama ag na Ballstáit na nósanna imeachta is gá a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Raon feidhme

Faisnéis a bhaineann le diúltuithe údaruithe ar fhorais slándála nó ar chúis a bhaineann le hiontaofacht an duine lena mbaineann, diúltuithe dá bhforáiltear in Airteagail 9 agus 10 den Treoir sin, tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le malartú na faisnéise sin tríd an gcóras dá dtagraítear in Airteagal 18(5) de Threoir (AE) 2021/555.

Ní thagann diúltú faoi raon feidhme an Rialacháin seo ach amháin má rinneadh an cinneadh riaracháin nó breithiúnach lena gcoisctear ar an duine lena mbaineann na hairm thine ábhartha a fháil nó a shealbhú (cinneadh dá ngairtear "an cinneadh diúltaithe" sa Rialachán seo) ar dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo nó ina dhiaidh sin.

Airteagal 2

An córas malartaithe leictreonaigh

Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh dá bhforáiltear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1427, sin é an córas dá dtagraítear in Airteagal 18(5) de Threoir (AE) 2021/555 chun faisnéis a mhalartú a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir léi.

Airteagal 3

Faisnéis atá le malartú

1. An fhaisnéis atá le malartú de bhun Airteagal 18(4) de Threoir (AE) 2021/555 i ndáil le diúltú údarú a dheonú ar fhorais slándála nó ar chúis a bhaineann le hiontaofacht an duine lena mbaineann, diúltú dá bhforáiltear in Airteagal 9 nó 10 den Treoir sin, is iad na nithe seo a leanas a bheidh san fhaisnéis sin:

(a) ainm an duine lena mbaineann;

(b) dáta breithe an duine sin;

(c) áit bhreithe agus tír bhreithe an duine sin;

(d) náisiúntacht an duine sin;

(e) an dáta a rinneadh an cinneadh diúltaithe;

(f) uimhir thagartha náisiúnta an chinnidh diúltaithe nó aitheantóir uathúil eile atá aige, má tugadh uimhir nó aitheantóir den sórt sin don chinneadh diúltaithe sa Bhallstát ina ndearnadh é;

(g) ainm agus sonraí teagmhála an údaráis riaracháin nó bhreithiúnaigh a rinne an cinneadh diúltaithe agus, más le húdarás eile atáthar le dul i dteagmháil chun tuilleadh faisnéise a lorg faoin diúltú; ainm agus sonraí teagmhála an údaráis sin;

(h) an chatagóir as measc na dtrí chatagóir seo a leanas lena mbaineann an cinneadh diúltaithe:

(i) cinntí diúltaithe arb é is feidhm dóibh a chosc ar dhuine arm tine a fháil nó a shealbhú go ceann tréimhse éiginnte, gan dáta deiridh socraithe;

(ii) cinntí diúltaithe arb é is feidhm dóibh a chosc ar dhuine arm tine a fháil nó a shealbhú go ceann tréimhse shainithe lena mbaineann dáta deiridh socraithe (lena n-áirítear cinntí lena ndiúltaítear iarraidh ar údarú arb é an éifeacht atá acu go gcuirtear urchosc ar an duine iarraidh ar údarú a dhéanamh arís laistigh de thréimhse shainithe lena mbaineann dáta deiridh socraithe);

(iii) cinntí diúltaithe nach dtagann faoi phointe (i) ná pointe (ii);

(i) an dáta deiridh socraithe atá i gceist i gcás ina dtagann an cinneadh diúltaithe faoi phointe (h)(ii);

(j) an chatagóir as measc na dtrí chatagóir seo a leanas lena mbaineann an cinneadh diúltaithe:

(i) cinntí diúltaithe a dhéantar mar fhreagra ar iarraidh ar údarú dá bhforáiltear in Airteagal 9 nó 10 de Threoir (AE) 2021/555, nó mar fhreagra ar iarraidh ar údarú den sórt sin a dheimhniú, a athnuachan nó a fhadú;

(ii) cinntí diúltaithe lena dtarraingítear siar údarú a deonaíodh, a deimhníodh, a athnuadh nó a fadaíodh faoi Airteagal 9 nó 10 de Threoir (AE) 2021/555;

(iii) cinntí diúltaithe nach dtagann faoi phointe (i) ná pointe (ii).

2. Anuas ar an bhfaisnéis a luaitear i bpointí (a) go (d) de mhír 1, féadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh tuilleadh sonraí aitheantais a sholáthar maidir leis an duine lena mbaineann, amhail cód cánach, uimhir phas nó uimhir cárta aitheantais, i gcás inar gá sin chun an duine sin a shainaithint i gceart.

3. An fhaisnéis a liostaítear i mír 1 agus, i gcás inarb infheidhme, na sonraí breise dá dtagraítear i mír 2, cuirfear isteach i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh iad laistigh de 30 lá féilire ón dáta a rinneadh an cinneadh diúltaithe, agus beidh rochtain orthu láithreach ag údaráis inniúla na mBallstát go léir.

Airteagal 4

Oibleagáidí maidir le faisnéis a bhaint, a thabhairt cothrom le dáta agus a athbhreithniú

1. I gcás ina gcuirtear cinneadh diúltaithe ar neamhní nó ina meastar ar shlí eile go bhfuil sé neamhbhailí tar éis faisnéis a bhaineann leis a iontráil i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh, bainfidh an t-údarás inniúil an iontráil den chóras sin tráth nach déanaí ná 30 lá féilire tar éis an cinneadh diúltaithe a chur ar neamhní nó a fháil amach go bhfuil sé neamhbhailí.

2. I gcás ina bhfuil imthosca eile i gceist seachas iad siúd dá dtagraítear i mír 1 agus ina scorann faisnéis a bhaineann le cinneadh diúltaithe a iontráladh i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh de bheith cruinn agus iomlán ar chúis ar bith, lena n-áirítear de thoradh chúlghairm nó leasú an chinnidh diúltaithe ina dhiaidh sin, déanfaidh an t-údarás inniúil an fhaisnéis atá i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh maidir leis an diúltú sin a thabhairt cothrom le dáta laistigh de 30 lá féilire ón dáta a scor an fhaisnéis de bheith cruinn nó iomlán. I gcás inarb é cúlghairm an chinnidh diúltaithe a bheidh i gceist, cuirfear an dáta óna ngabhfaidh éifeacht leis an gcúlghairm ("dáta na cúlghairme") leis an iontráil i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh.

3. I gcás iontráil i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh maidir le cinneadh diúltaithe a thagann faoi Airteagal 3(1)(h)(i), déanfaidh an t-údarás inniúil athbhreithniú ar an iontráil uair amháin gach 10 mbliana ar a laghad ón dáta a rinneadh an cinneadh diúltaithe, agus a luaithe a dhéanfar gach ceann de na hathbhreithnithe sin tabharfaidh sé an iontráil cothrom le dáta chun a dheimhniú go bhfuil an cinneadh diúltaithe i bhfeidhm i gcónaí nó, má rinneadh an cinneadh a chúlghairm, chun dáta na cúlghairme a thaifeadadh i gcomhréir le mír 2.

4. I gcás iontráil maidir le cinneadh diúltaithe a thagann faoi Airteagal 3(1)(h)(ii) agus lena mbaineann dáta deiridh socraithe is faide anonn ná 10 mbliana tar éis an dáta a rinneadh an cinneadh diúltaithe, déanfaidh an t-údarás inniúil athbhreithniú ar an iontráil uair amháin gach 10 mbliana ar a laghad ón dáta a rinneadh an cinneadh diúltaithe go dtí an dáta a thaifeadtar i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh is dáta deiridh socraithe, agus a luaithe a dhéanfar gach ceann de na hathbhreithnithe sin tabharfaidh an t-údarás inniúil an iontráil cothrom le dáta chun a dheimhniú go bhfuil an cinneadh diúltaithe i bhfeidhm i gcónaí nó, má rinneadh an cinneadh a chúlghairm, chun dáta na cúlghairme a chur isteach i gcomhréir le mír 2.

5. Má dhéantar cinneadh diúltaithe a chúlghairm, an oibleagáid i mír 3 nó, de réir mar is infheidhme, an oibleagáid i mír 4, scoirfidh sí d'fheidhm a bheith aici maidir leis an iontráil a luaithe a thabharfar an iontráil cothrom le dáta chun dáta na cúlghairme a chur isteach i gcomhréir le mír 2.

Airteagal 5

An tréimhse a bhíonn rochtain ar fhaisnéis i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh

1. Faisnéis a mhalartaítear trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh i gcomhréir leis an Rialachán seo, beidh rochtain uirthi i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh go ceann 10 mbliana ó cibé cé acu dáta díobh seo a leanas is déanaí, a mhéid is infheidhme iad maidir leis an gcinneadh diúltaithe atá i gceist, agus aon nuashonrú a rinneadh de bhun Airteagal 4 á chur san áireamh:

(a) an dáta a thaifeadtar i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh arb é an dáta a rinneadh an cinneadh diúltaithe é;

(b) an dáta a thaifeadtar i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh arb é an dáta é a tugadh an iontráil cothrom le dáta go deireanach chun a dheimhniú go bhfuil an cinneadh diúltaithe fós i bhfeidhm;

(c) an dáta a thaifeadtar i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh is dáta deiridh socraithe don chinneadh diúltaithe.

Mar sin féin, i gcás iontráil i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh faoi réir na hoibleagáide atá ann faoi Airteagal 4(4), má mhainníonn an t-údarás inniúil an oibleagáid sin a chomhlíonadh, scoirfear den rochtain atá ar an iontráil i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ar dhul in éag don spriocdháta a leagtar síos leis an Airteagal sin maidir leis an oibleagáid chéanna a chomhlíonadh.

2. D'ainneoin mhír 1, i gcás aon chinneadh diúltaithe dá dtaifeadtar dáta i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh is dáta óna ngabhfaidh éifeacht le cúlghairm an chinnidh, scoirfear den rochtain atá ar an iontráil i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ar dhul in éag don tréimhse 10 mbliana ón dáta a thaifeadtar i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh is dáta cúlghairme.

Airteagal 6

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán seo laistigh de 2 bhliain tar éis dháta a theacht i bhfeidhm.

Airteagal 7

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 31 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Bealtaine 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN